OÉ Gaillimh
NUI Galway

Polasaithe agus Nósanna Imeachta

**Polasaí: QA238 Aguisín**

**Teideal: Nósanna Imeachta Airgeadais a bhaineann le Tuarastal Saoire Taighde agus costais Taistil & Chothabhála a bhaineann leis**

Dáta: Samhain 2020

Faomhadh: UMT 1 Nollaig 2020

**1.0 Cuspóir**

I gcomhréir le scéim a fheidhmíonn go ginearálta in earnáil Ollscoileanna na hÉireann, is é is cuspóir don nós imeachta seo:

(i) Cabhrú le comhaltaí den fhoireann acadúil íoc as na costais taistil agus chothabhála a bhainfeadh le saoire thaighde a chaitear **thar lear**, agus

(ii) A shoiléiriú cad iad na foinsí maoinithe atá ar fáil

**2.0 Cur síos**

**2.1** Liostaítear sa nós imeachta dhá rogha don Fhoireann Acadúil a gceadaítear Saoire Thaighde dóibh go foirmiúil agus na forálacha airgeadais agus buiséid a bhaineann leo. Is é an rogha réamhshocraithe (Rogha A) an gnáth-thuarastal a fháil ar feadh thréimhse na saoire taighde. Tá na costais Taistil & Chothabhála a bhféadfaí éileamh a dhéanamh orthu faoi seo (Rogha A) faoi réir pholasaí Taistil agus Cothabhála na hOllscoile (atá bunaithe ar rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim) agus tá siad teoranta do dhaoine a mhaoinítear ó Dheontais Taistil Tríbhliantúla atá ar fáil/is infheidhme agus ó dheontais Taighde Conartha.

**2.2** Níl feidhm ag Rogha B mar atá leagtha amach thíos ach amháin maidir le tréimhse cheadaithe saoire Taighde a chaitear thar lear agus déantar foráil ann maidir le tuarastal laghdaithe a ghlacadh agus an fuílleach (den bhuiséad tuarastail) a éileamh i gcomhréir le polasaí Taistil & Cothabhála na hOllscoile (atá bunaithe ar rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim), agus faoina réir. Is féidir aon Deontais Taistil Tríbhliantúla agus aon deontais Taighde Conartha atá ar fáil/is infheidhme a úsáid freisin chun costais Taistil & Chothabhála Incheadaithe a bhaineann le Saoire Taighde a mhaoiniú faoi rogha B.

**2.3** Níl sé i gceist go mbeadh ceachtar den dá rogha ina bhfoinsí brabúis ná gnóthachain airgid d'éilitheoirí.

**3.0 Buiséad**

Is é olltuarastal an chomhalta foirne (gan pinsean an ***fhostóra*** ná ranníocaíochtaí ÁSPC a áireamh) don tréimhse shaoire atá i gceist an buiséad iomlán atá ar fáil faoi Rogha B d'aon chomhalta foirne acadúil a mbeidh leas á bhaint aige/aici as an tréimhse shaoire sin, lúide aon chostais athsholáthair a bhaineann leis an tsaoire.

**4.0 Pinsean**

Ní mór do chomhaltaí foirne acadúla, a bhaineann leas as Rogha B faoin scéim Saoire Taighde seo, suim ar ionann í agus an difríocht idir an ghnáth-ranníocaíocht ***pinsin fostaí*** bunaithe ar an tuarastal iomlán agus an tsuim a íocadh a íoc isteach ina scéim pinsin, bunaithe ar thuarastal saoire taighde laghdaithe. Ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le hOifig na bPinsean san Ollscoil sula dtéann siad thar lear chun an asbhaint phinsin seo as an tuarastal a íoctar leo a shocrú, fad a bheidh siad ar shaoire thaighde.

**5.0 Rogha B**

**5.1** Faoi Rogha B (a bhfuil feidhm léi i gcás tréimhse saoire taighde cheadaithe a chaitear thar lear amháin), féadfaidh foireann acadúil OÉ Gaillimh a roghnú go nglacfaidh siad le tuarastal laghdaithe a bhforáiltear dó faoi mhíreanna 5.2 **nó** 5.3 thíos **móide** costais Taistil agus Cothabhála a bhforáiltear dóibh faoi mhíreanna 5.4 agus 5.5 thíos.

**5.2** Saoire Thaighde – as láthair thar lear ar feadh 4 mhí nó níos lú ná sin: féadfaidh comhaltaí foirne acadúla atá incháilithe a roghnú go n-íocfar leath dá ngnáth-thuarastal leo don tréimhse sin agus féadfaidh siad costais Taistil agus Chothabhála a éileamh suas le huasluach fhuílleach a dtuarastail, i gcomhréir leis an scéim seo.

**5.3** Saoire Thaighde – as láthair thar lear ar feadh níos mó ná 4 mhí: féadfaidh comhaltaí foirne atá incháilithe a roghnú go n-íocfar an ceathrú cuid dá ngnáth-thuarastal leo don tréimhse sin agus féadfaidh siad costais Taistil agus Chothabhála a éileamh suas le huasluach fhuílleach a dtuarastail, i gcomhréir leis an scéim seo.

**5.4** Éilimh ar chostais chothabhála arna ríomh de réir pholasaí na hOllscoile, atá bunaithe ar ghnáthrátaí liúntais chothaithe 'na seirbhíse poiblí' arna leasú ó am go ham.

**5.5** Costais taistil dheimhnithe i ndáil le costas turas fillte amháin a rinne an comhalta foirne chuig an láthair/na láithreacha saoire taighde thar lear.

**5.6** Laghdófar luach na gcostas cothabhála agus taistil a d'fhéadfaí a éileamh faoin scéim seo de réir aon suimeanna a gheobhaidh an comhalta foirne nó a bheidh sé/sí in ann a fháil ó fhoinsí seachas OÉ le linn na tréimhse saoire taighde. Áirítear leis an laghdú seo ioncam ó dheontas/ó chomhaltacht agus aon suim a fhaigheann comhalta foirne ó aon fhoinse a sheasann d'íocaíochtaí ó OÉ Gaillimh i leith costais chothaithe/taistil, etc., nó luach na cóiríochta a chuireann an óst-Ollscoil ar fáil don chomhalta foirne.

**6.0 Freagrachtaí**

**6.1** Tá sé de dhualgas ar iarratasóirí fiosrúchán iomlán a dhéanamh agus a chinneadh iad féin an bpiocfaidh siad Rogha A nó Rogha B mar atá leagtha amach sa scéim seo agus, má phiocann siad Rogha B, cloí go hiomlán le nósanna imeachta agus le meon na scéime.

**6.2** Ní mór don iarratasóir (éilitheoir) gach éileamh ar aisíocaíocht ar chostais taistil/chothabhála a shíniú sula gcuirtear faoi bhráid oifig Cuntasaíochta Airgeadais na hOllscoile é.

**6.3** Is ag Oifig an Sparánaí atá 'Úinéireacht' ar an nós imeachta seo.

**7.0 Fógra do Chuntasaíocht Airgeadais**

**7.1** Ní mór do chomhaltaí foirne acadúla a fhaigheann cead foirmiúil ón gCoiste Saoire Taighde saoire thaighde a ghlacadh, agus ar mian leo Rogha B den scéim seo a roghnú, fógra a thabhairt d'oifig Cuntasaíochta Airgeadais na hOllscoile dhá mhí roimh thús na saoire thar lear.

**7.2** Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas leis an bhfógra i scríbhinn ag 7.1:

- Cóip den litir ó Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí á dhearbhú gur ceadaíodh saoire thaighde, agus
- Ríomh an Bhuiséid atá ar fáil – aguisín 1 leis seo
- Ríomha Olltuarastail & Glantuarastail – aguisín 2 leis seo

Ní mór iarratas nua a chur isteach maidir le gach tréimhse saoire taighde.

**7.3** Ba cheart foirmeacha éilimh ar chostais taistil agus chothabhála faoi Rogha B atá líonta go hiomlán agus sínithe a chur faoi bhráid na hOifige Cuntasaíochta Airgeadais agus ba cheart an cód 2045 a chur leo chomh maith le cód Costionad Scoile/Coláiste ábhartha an iarratasóra e.g. D1234.

**7.4** Ní mór d'iarratasóirí 'íocaíocht bhreise' a bpinsin fostaí a shocrú mar a thuairiscítear i mír 4.0 trí theagmháil a dhéanamh le hOifig Pinsin na hOllscoile roimh gach tréimhse saoire taighde.

**Aguisíní:**

Aguisín 1: Ríomh Buiséid Inúsáide
Aguisín 2: Ríomh an Olltuarastail & an Ghlantuarastail (mionsonraí na n-asbhaintí)
Aguisín 3: Ríomh Asbhainte Cánach agus ÁSPC

## SCÉIM ÍOCAÍOCHTAÍ SAOIRE TAIGHDE Aguisín 1

**Ríomh an Bhuiséid atá ar fáil – le líonadh ag an gcomhalta foirne acadúil**

Ainm an Éilitheora: ................................................................. Uimhir Phárolla..... ………………..

Coláiste/Scoil: .................. Grád Fostaíochta: …………

Tréimhse Iomlán na Saoire Taighde: ó ……… go ……….
Tréimhsí Saoire Speisialta a caitheadh thar lear agus an áit:

1. Ó……….. go ……….. áit…………………………….
2. Ó……….. go ……….. áit…………………………….
3. Ó……….. go ……….. áit…………………………….

| Buiséad samplach | Iomlán € | e.g. € |
|---|---|---|
| Gnáth-olltuarastal ar feadh na tréimhse Taighde: | | 95,000 |
| Lúide an Costas Athsholáthair le linn na Saoire Taighde: (más ann dó) | | (15,000) |
| An Buiséad Uasta atá ar fáil: | | 80,000 |

| Costais: | Tuarastal Bliantúil | Inéilithe mar thuarastal | Inéilithe mar Chostais |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Tuarastal:...... Míonna @ 25% (MÁS > 4 mhí) | --------- | 20,000 | 60,000 |
| Míonna @ 50% (MÁS < 4 mhí) | --------- | 40,000 | 40,000 |
| Míonna @ 100% | | | |
| Tuarastal Iomlán | | | |
| | | | |
| Cothú: 30 lá @ 100% | | | |
| 30 lá @ 80% | | | |
| laethanta @ 50% | | | |
| Eitiltí fillte chuig an áit (féach nóta 2 thíos) | | | |
| Lúide: | | | |
| Tuilleamh Seachtrach: | | | |
| Lóistín a bhfuil Fóirdheontas á íoc dó: | | | |
| | | | |
| Iomlán na Cothabhála a bheadh inéilithe (srianta más gá chun a chinntiú nach sárófar an buiséad) | | Náid | |
| | | | |
| Costas Bliantúil Iomlán (ní féidir leis dul thar an mBuiséad Uasta atá ar Fáil) | | | |

DEARBHAÍM GO BHFUIL AN FHAISNÉIS THUAS FÍOR CHOMH FADA LE MO BHARÚIL.

SÍNITHE: ……………………………… Éilitheoir Dáta: ……………

**Tabhair faoi deara:**

1. **Liúntais Chothaithe: Iníoctha ag na Rátaí Seirbhíse Poiblí a bhaineann le láthair an taighde**
2. **Taisteal Dearbhaithe: Féadfar costais ar thuras fillte amháin thar lear a éileamh i gcás don duine féin agus don teaghlach**
3. **Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe am ar bith**

# SCÉIM ÍOCAÍOCHTAÍ SAOIRE TAIGHDE Aguisín 2

## Ríomhanna Olltuarastail agus Glantuarastail

**Éilitheoir:** ……………………………………………

**Coláiste/Scoil:** ……………………………………………

**Dáta Tosaithe na Saoire Taighde thar lear:** ……………………………

**Fad na saoire thar lear: ...............................** ……………………………

| | Gnáthshaoire | Thaighde Bhliantúil |
|---|---|---|
| **Olltuarastal** | €……………… | €……………… |
| **Lúide asbhaintí Fostaí e.g.** | | |
| **Ranníocaíochtaí Pinsin** | €……………… | €……………… |
| **Ranníocaíochtaí Ceardchumainn** | €……………… | €……………… |
| Síntiús **VHI** | €……………… | €……………… |
| **Asbhaintí eile** | €……………… | €……………… |

***ÁSPC**: €………………

**USC** €………………

**CÁIN: Suas go dtí €……………… @ Ráta caighdeánach €………………**

**Fuílleach** €……………… @ardráta €………………

**Creidmheas CÁNACH:** €……………… €………………

**Glantuarastal Bliantúil ag an Tús:** €………………

**Déanfar na hasbhaintí pinsin thuas a asbhaint ina n-iomláine ón tuarastal le linn an taighde.**

Deimhním gur cheart leanúint de na hasbhaintí fostaí thuas a bhaint as mo thuarastal le linn mo Shaoire Taighde. Dearbhaím freisin go gcuirfidh mé airgead sa scéim pinsin má bhíonn aon easnamh ann i gcomhréir le mír 5 den pholasaí seo.

SÍNITHE…………………………………………… DÁTA …………………..

## SCÉIM ÍOCAÍOCHTAÍ SAOIRE TAIGHDE Aguisín 3

### Ríomh Asbhaint Chánach agus ÁSPC

***Tabhair do d'aire:*** **Cuirtear an Fhoirm seo ar fáil mar threoir chun cabhrú le comhaltaí foirne éifeacht na Scéime Íocaíochtaí Saoire Taighde a ríomh ina nglanphá agus chuige sin amháin.**

* Braitheann na rátaí ÁSPC ar fhostú roimh/i ndiaidh Aibreán 1995. Deimhnigh do ráta fostaí le do thoil leis an Oifig Acmhainní Daonna nó Oifig Párolla na hOllscoile. Is féidir na rátaí reatha cánach, ÁSPC agus USC a fháil ag www.revenue.ie

| | Caighdeánach Post € | Saoire Thaighde Post € |
|---|---|---|
| | | |
| **Olltuarastal bliantúil:** | | |
| | | |
| **Asbhaint Phinsin:** | | |
| | | |
| **Comhlán Lúide Pinsean:** | | |
| | | |
| **Asbhaintí:** | | |
| **Cáin @ an ráta caighdeánach** | | |
| **Cáin @ an ráta níos airde** | | |
| *** ÁSPC** | | |
| **USC** | | |
| **Creidmheas Cánach:** | | |
| **Asbhaint Iomlán Chánach agus ÁSPC:** | | |
| | | |
| **Tuarastal i ndiaidh Pinsin, Cánach, ÁSPC** | | |
| | | |
| **Lúide:** | | |
| **Asbhaintí Fostaithe:** | | |
| ▪ Ceardchumann | | |
| ▪ Club na Foirne | | |
| ▪ | | |
| ▪ | | |
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Glantuarastal i ndiaidh Asbhaintí** | | |